Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2023/2129(DEC)

25.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2022: Buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh - an Coimisiún Eorpach
(2023/2129(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Robert Biedroń

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; de bhrí go gcuirtear de cheangal ar an Aontas le hAirteagal 8 CFAE deireadh a chur le neamhionannais agus comhionannas inscne idir fir agus mná a chur chun cinn, chomh maith le príomhshruthú inscne;

B. de bhrí gur iarr Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile ar an gCoimisiún úsáid an phríomhshruthaithe inscne, an bhuiséadaithe inscne agus na measúnuithe tionchair inscne a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais amhail cur chun feidhme bhuiséad agus tuairisciú an Aontais;

C. de bhrí, i roinnt Ballstát ina bhfuil rátaí breithe ísle, gur mhaith le mná agus lánúineacha leanaí a bheith acu ach go gcuirtear cosc orthu i gcleachtas é sin a dhéanamh mar thoradh ar dheacrachtaí eacnamaíocha, ní mar thoradh ar rogha ach mar thoradh ar dhálaí maireachtála agus oibre níos deacra, as a n-eascraíonn leibhéil dífhostaíochta níos airde do mhná agus a fhágann go bhfuil sé níos deacra dóibh, agus do thuismitheoirí, leas a bhaint as a gcearta máithreachais agus atharthachta faoi seach san ionad oibre, agus rochtain ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán agus ar shaoráidí cúraim leanaí a dhéanamh níos deacra; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an ceart ag mná oibriú le cearta agus gan cur isteach ar an gceart chun máithreachais, ós rud é gurb iad na mná is mó atá thíos leis agus gurb iad is mó atá thíos leis an idirdhealú; de bhrí go n-áirítear ar shamplaí den idirdhealú sin brú ó fhostóirí ar mhná a fhreastalaíonn ar agallaimh phoist ina n-iarrtar orthu an bhfuil leanaí acu agus cén aois a bhfuil siad in éineacht le brú eacnamaíoch agus brú a bhaineann leis an obair ar fhostaithe ar mná iad gan saoire mháithreachais a ghlacadh;

D. de bhrí go raibh tionchar ar leith ag iarmhairtí an chogaidh san Úcráin, ag géarchéim an chostais mhaireachtála, a bhfuil tionchar díréireach aige sin ar mhná, agus ag na frithfhreagairtí i gcoinne comhionannas inscne agus chearta na mban, go háirithe maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) i roinnt Ballstát, ar an gcomhionannas inscne; de bhrí go ndéanann sé sin neamhionannais a dhoimhniú tuilleadh agus go gcuireann sé bac ar chomhionannas inscne;

1. á chur i bhfáth gur cheart gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú agus a áirithiú i ngach réimse beartais, céim agus beart maolaithe, go háirithe i bhfianaise ghnéithe inscneacha na ngéarchéimeanna leanúnacha amhail cogaí, an ghéarchéim aeráide agus fuinnimh, boilsciú, agus an fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban, go háirithe sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) san Aontas agus ar fud an domhain; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá buiséadú inscne i ngach beart téarnaimh agus maolaithe chun úsáid a bhaint as cláir an Aontais chun tionchair inscneacha géarchéimeanna éagsúla a mhaolú;

2. á chur in iúl an athuair gur cúis imní di an t-idirghaol idir na hionsaithe ar an smacht reachta, ar an daonlathas agus ar chearta an duine agus an fhrithfhreagairt i gcoinne an

chomhionannais inscne agus chearta na mban; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún leanúint dá iarrachtaí an smacht reachta san Aontas a neartú, go háirithe na tograí dlíthiúla sin atá dírithe ar bhuiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir leis an smacht reachta, sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban agus sáruithe ar luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún príomhmhisean na ndaoine a ndeonaítear cistí an Aontais dóibh a fhiosrú agus cistiú a choinneáil siar agus a áirithiú nach gcuirfear cistí an Aontais ar fáil d'aon eintiteas a úsáideann cistí an Aontais chun cearta an duine a chúlú, go háirithe cearta bunúsacha na mban agus comhionannas inscne, lena n-áirítear SRHR agus cearta na mban chun sláine coirp, neamhspleáchais agus féinchinntiúcháin; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a choimirciú, lena n-áirítear rochtain ar chúram ginmhillte atá sábháilte agus dlíthiúil agus go háirithe trína áirithiú go mbeidh cláir agus seirbhísí sláinte atáirgthe ar fáil lena soláthrófar na cineálacha cúraim agus cógas is gá le haghaidh pleanáil dheonach teaghlaigh agus sláinte máthartha agus nuabheirthe;

3. ag cur sonrú i modheolaíocht an Choimisiúin chun gnéithe inscne den chaiteachas a rianú ó 2023 ar aghaidh; á mheabhrú nár measadh ach 2 % de bhuiséad an Aontais mar phríomhchuspóir chun comhionannas inscne a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún feabhas a chur ar an scór sin trí inscne a phríomhshruthú ó thús dhearadh an chláir; á athdhearbhú go bhfuil gá le tuilleadh mionsonraí ionas gur féidir tuiscint iomlán a fháil ar fhormhór an chaiteachais (73 %) a mheastar faoi láthair mar 0* 'a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne'; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur dearbhaíodh i dtuarascáil speisialta 10/2021, a d'fhoilsigh CIE, nach gcuirtear comhionannas inscne san áireamh go leordhóthanach i dtimthriall buiséid an Aontais go fóill ós rud é go bhfuil príomhghnéithe, amhail anailís inscne, cuspóirí a bhaineann le hinscne, táscairí agus cuntasacht trí thuairisciú, in easnamh den chuid is mó;

4. á chur in iúl gur geal léi obair an Choimisiúin maidir le haicmiú nua chun tionchar inscne chaiteachas an Aontais a thomhas; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a áirithiú go ndíreofar leis an aicmiú sin ar léiriú cruinn agus cuimsitheach ar thionchar na gclár ar chomhionannas inscne; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún, i bhfianaise dheireadh an téarma reachtaigh seo, leanúint dá chuid oibre ar chomhionannas inscne agus á iarraidh go mbeadh Coimisinéir maidir le comhionannas inscne ann don chéad téarma eile; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an comhionannas inscne agus an príomhshruthú inscne ar cheann de na prionsabail chothrománacha do chistí an Aontais sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027 agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; á iarraidh, mar sin féin, go ndéanfadh an Coimisiún moltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear san athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha agus i gcur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a áirithiú go ndíreofar leis an aicmiú sin ar léiriú cruinn agus cuimsitheach ar thionchar na gclár agus na gcistí uile atá ann cheana; á athdhearbhú sa chomhthéacs sin gur gá tuairisciú ar thionchair dhiúltacha ar chomhionannas inscne a áireamh i modheolaíocht chuimsitheach rianaithe inscne;

5. á áitiú gur cheart go mbainfeadh mná agus fir tairbhe chomhionann as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, go háirithe i bhfianaise bhearna phá 13 % an Aontais

idir na hinscní; á mheabhrú nár thug an Coimisiún measúnú inscne isteach ar Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát ach amháin mar mheasúnú ex-ante, rud a léirigh nach raibh aon bhearta ag roinnt Ballstát a raibh sé mar aidhm leo díriú ar chomhionannas inscne; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá ceanglais maidir le bailiú sonraí chun bailiú córasach agus cuimsitheach sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a chumasú i gcomhthéacs bheartais ábhartha uile an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún an méid sin a láimhseáil mar thosaíocht agus leas a bhaint as na deiseanna chun feabhas a chur ar cheanglais agus táscairí bailithe sonraí i reachtaíocht agus athbhreithnithe nua, amhail athmhúnlú na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an gealltanas dearfach a thug an tUachtarán von der Leyen an comhionannas inscne a chur chun cinn i ngach ceapadh beartais a chomhlíonadh agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a ghealltanais faoin Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025 a chomhlíonadh agus á chur i bhfáth freisin gur gá i bhfad níos mó a dhéanamh ós rud é go bhfuil gné na hinscne in easnamh sna príomhthograí aeráide, comhshaoil agus eacnamaíocha a tíolacadh; á chur i bhfáth, le deich mbliana anuas, le tús na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais, go bhfuil an saol níos deacra do mhná agus do chailíní mar gheall ar neamhionannais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta agus inscne laistigh de na Ballstáit agus eatarthu; á mheabhrú, chun na críche sin, go bhfuil ról tábhachtach ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne maidir le feasacht a mhúscailt maidir le méid agus cúiseanna an neamhionannais inscne san Aontas; á iarraidh, dá bhrí sin, go méadófaí a bhuiséad, a fhoireann agus a neamhspleáchas;

6. á iarraidh an athuair go mbeadh líne bhuiséid thiomnaithe ann don chomhionannas inscne, go háirithe laistigh de chlár Daphne i bhfianaise ghéarchéim an fhoréigin inscnebhunaithe atá os comhair an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an tionscnamh tiomnaithe sonrach Daphne a neartú trína acmhainní a mhéadú, go háirithe bearta arb é is aidhm dóibh gach leibhéal agus gach cineál foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní agus foréigean teaghlaigh a chomhrac i gcomhréir le hAirteagal7(6) de Rialachán (AE) 2021/692 agus tacaíocht chuí a thabhairt d'íospartaigh; á chur i bhfáth, ina theannta sin, a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) chun comhionannas inscne, fostaíocht na mban, cumhachtú na mban, fiontraíocht, ceannaireacht agus róil bhainistíochta, chomh maith le saoráidí cúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn; á thabhairt dá haire go léirítear i staidéar, arna iarraidh ag coiste FEMM[1] gur minic a bhíonn fabhar ag fir, thar mhná agus grúpaí imeallaithe, a mhéid a bhaineann le ceapadh fóirdheontas agus tacaíochta, faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', agus i mbeartais, cláir agus cistiú eile don aistriú glas;

7. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ar bhonn na sonraí atá ar fáil faoi láthair, gur féidir urscaoileadh a dheonú ar bhuiséad ginearálta an Aontais i leith chur chun feidhme a bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

[1] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2022/736899/IPOL_STU(2022)736899_EN.pdf

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach ina cháil mar rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	24.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 23 –: 4 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Christine Anderson, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Frances Fitzgerald, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Andżelika Anna Możdżanowska, Johan Nissinen, Carina Ohlsson, Sandra Pereira, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Sylwia Spurek, Marco Zullo
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Laura Ballarín Cereza, Sylvie Brunet, Marina Kaljurand, Eleni Stavrou
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Milan Brglez, Rainer Wieland

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

23	+
PPE	Maria da Graça Carvalho, Frances Fitzgerald, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Eleni Stavrou, Rainer Wieland
Renew	Sylvie Brunet, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Marco Zullo
S&D	Laura Ballarín Cereza, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Marina Kaljurand, Carina Ohlsson, Evelyn Regner
The Left	Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop
Verts/ALE	Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek

4	-
ECR	Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión
ID	Christine Anderson, Maria Veronica Rossi

2	0
ECR	Andżelika Anna Możdżanowska
NI	Lívia Járóka

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh